# Éileamh ar Aisíocaíocht Cánach Breisluacha (CBL) ag Duine Neamhchláraithe atá bunaithe sa Stát i ndáil le heisíocaíocht ar "Ghníomhaíochtaí Cáilitheacha".

## 1. Sonraí an Chomhlachta Éilitheora

Comhlánaigh an rannán seo in **BLOCLITREACHA**

Ainm:

Seoladh na Bunaíochta Gnó in Éirinn:
(Eircode san áireamh)

UPSP / Uimh. Thagartha Cánach:

Seoladh Ríomhphoist:

Uimhir Fóin:

Ainm an tSealbhóra Chuntais

Cód Aitheantais Bainc (BIC) (Uasmhéid 11 charachtar)

Uimhir Idirnáisiúnta Cuntais Bainc (IBAN) (Uasmhéid 34 carachtar)

Cineál na "Gníomhaíochta Cáilithí": (cuir tic ☑ sa bhosca cuí)

- ☐ Iompar paisinéirí agus a mbagáiste lasmuigh d'Éirinn.
- ☐ Soláthar earraí a mheastar a tharla ar chríoch Ballstáit eile den Aontas Eorpach (m.sh. ciandíolacháin).
- ☐ Soláthar seirbhísí airgeadais nó árachais (agus seirbhísí gníomhaireachta gaolmhara) (a) lasmuigh den Aontas Eorpach nó (b) go díreach i dtaca le heaspórtáil earraí lasmuigh den Aontas Eorpach.
- ☐ Soláthar earraí nó seirbhísí lasmuigh d'Éirinn, seachas seirbhísí arb éard atá iontu ná fruiliú mótarfheithiclí atá le húsáid in Éirinn, agus ar soláthairtí incháinithe a bheadh i gceist dá ndéanfaí in Éirinn iad.

## 2. Sonraí an Éilimh

Suim Iomlán an Éilimh €

### ÚSÁID OIFIGIÚIL AMHÁIN

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. Uimhir an Bharántais: | | Uimhir an Chustaiméara: | |
| 2. Scrúdaithe ag: | | Ar: | / / |
| 3. Seiceáilte ag: | | Ar: | / / |
| 4. An tSuim Cheadaithe: | € | | |

## 3. Dearbhú

Aon duine a thugann ráiteas bréagach go feasach chun críocha aisíocaíocht i leith CBL a fháil, beidh siad faoi dhliteanas pionós.

**Dearbhaím -**

(a) **Níl mé cláraithe asam féin ná mar chuid de ghrúpa** agus **níl dualgas**orm clárú, le haghaidh CBL in Éirinn;

(b) **Níl mé** cláraithe le haghaidh CBL i mBallstát eile;

(c) baineann an t-éileamh seo le heisíocaíocht ar earraí nó ar sheirbhísí a úsáidtear go heisiach chun "gníomhaíocht cháilitheach" a sholáthar de bhun Alt 59 den Acht Comhdhlúite Cánach Breisluacha, 2010.

Síniú      Dáta   /   /

## 4. Miondealú ar an tSuim Éilithe

| Cur síos ar Earraí nó Seirbhísí | Ainm an tSoláthraí | Uimhir Chláraithe CBL an tSoláthróra nó Uimhir Iontrála Custam | Dáta (a) an tsoláthair nó (b) na hiompórtála | Áit Soláthair na Seirbhíse | Suim an CBL Éireannaigh In-Aisíoctha a léirítear ar na sonraisc / na hAdmhálacha um Iompórtáil |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | | |
| | | | | **Iomlán** | € |

**NÓTAÍ TÁBHACHTACHA**

1. Ní mór sonrasc bunaidh, nó i gcás iompórtála, an admháil bhunaidh Custam, a bheith ceangailte mar thaca le d'éileamh. De réir Rialachán CBL 20, ní mór sonraí ar nós dáta, ráta CBL agus méid CBL, ainm, seoladh agus uimhir CBL an tsoláthraí, ainm agus seoladh iomlán an fhaighteora a bheith san áireamh sna sonraí sonraisc, chomh maith le cur síos leordhóthanach ar na hearraí agus na seirbhísí atá i gceist. Sa chás nach bhfuil dóthain spáis ar Thábla 4. Miondealú ar an tSuim Éilithe, ceangail bileog ar leithligh.
2. Sa chás go mbaineann éileamh le haisíocaíocht CBL ar Léasa / Comhaontú Fruilithe, teastaíonn cóip den chomhaontú, sonrasc agus Sceideal an CBL iníoctha ón institiúid airgeadais iomchuí i leith an chéad éilimh. Tá Sceideal den CBL iníoctha ag teastáil le haghaidh gach éileamh ina dhiaidh sin. Ní mór cóip den chomhaontú agus den sonrasc a bheith in éineacht le héileamh ar aisíocaíocht CBL a íocadh ar Chomhaontú Fruilcheannaigh.
3. Ní fhéadtar aisíocaíocht a éileamh ach amháin i leith CBL a bheadh inasbhainte i gcás duine incháinithe, m.sh. CBL ar chaiteachas ar sholáthar bia, dí, cóiríochta (mura dtabhaítear é ag freastal ar 'chomhdháil cháilitheach'), **níl** ceannach nó fruiliú gluaisteán, peitreal, siamsaíochta nó seirbhísí pearsanta eile inaisíoctha, de réir S60 VATCA 2010.
4. Tá fianaise dhoiciméadach ag teastáil le gach chéad éileamh a thíolactar ón 01/01/25, agus / nó le haon athrú ar shonraí bainc ina dhiaidh sin. Ní mór go léireodh d'fhianaise dhoiciméadach an soláthraí bainc, ainm sealbhóra an chuntais agus uimhir chuntais mar a cuireadh ar fáil san iarratas.
5. Sa chás go bhfuil tú cláraithe le haghaidh CBL i mBallstát eile, ní mór duit d'iarratas ar aisíocaíocht CBL a thíolacadh tríd an gcóras Aisíocaíocht Leictreonach CBL (EVR).
6. Ní mór éilimh ar aisíocaíocht CBL a dhéanamh taobh istigh de 4 bliana ó dheireadh na tréimhse incháinithe lena mbaineann an t-éileamh.

**Sula** gcuireann tú an fhoirm éilimh seo isteach, **cinntigh** le do thoil:

go bhfuil cuid 1 go 4 comhlánaithe agat agus shínigh tú an dearbhú

go bhfuil na doiciméid tacaíochta go léir ceangailte agat, m.sh.

- an sonrasc ceannaigh bunaidh
- cóip den léas nó den chomhaontú fruilcheannaigh
- fótachóipeanna de dhoiciméid tacaíochta más mian leat go gcuirfí na bunchóipeanna ar ais chugat.

## Ba chóir Foirmeacha éilimh mar aon le doiciméid tacaíochta a sheoladh ar ais chuig:

Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim
Rannóg an Ard-Bhailitheora
Rannóg na Scéimeanna Aisíocaíochta CBL
Teach an tSáirséalaigh
Sráid Phroinséis
Luimneach
V94 R972

Déan teagmháil leis na Coimisinéirí Ioncaim trí M'Fhiosruithe, Cineál cánach:CBL, Catagóir: CBL Neamhchláraithe (Eile).

Fón: 01 738 3663

Féadtar tuilleadh chóipeanna den fhoirm seo a fháil ón seoladh thuasluaite nó féadtar iad a íoslódáil ó shuíomh idirlín na gCoimisinéirí Ioncaim

**www.revenue.ie**

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

Bailíonn na Coimisinéirí Ioncaim cánacha agus dleachtanna agus feidhmíonn rialuithe custam. Iarrann na Coimisinéirí Ioncaim ar chustaiméirí sonraí pearsanta áirithe a chur ar fáil chun na críocha seo agus chun críocha feidhmeanna reachtúla áirithe eile de réir mar a shannann an tOireachtas. Féadfaidh sé go ndéanfar do shonraí pearsanta a mhalartú le Ranna agus Gníomhaireachtaí eile Rialtais i gcúinsí áirithe nuair a fhoráiltear dó seo le dlí. Tá polasaí cosanta sonraí na gCoimisinéirí Ioncaim agus eolas ar do chearta cosanta sonraí ar fáil ar **www.revenue.ie**.

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs